# Staitisticí maidir le Gearáin Trasteorann faoin Sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail

## 25 Bealtaine 2018 - 30 Aibreán 2023

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Clár Ábhar

ACHOIMRE FHEIDHMEACH ........ 3
AN SÁSRA MAIDIR LE hIONAID ILFHREASTAIL – GEARÁIN TRASTEORANN AE/LEE ........ 6
GEARÁIN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR PHRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH ........ 7
AN TORADH AR GHEARÁIN A CHUIRTEAR I gCRÍCH AGUS ARB É AN COIMISIÚN AN PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH ........ 9
Gearáin a Chuirtear i gCrích trí Réiteach Cairdiúil ........ 9
Níl an gearánach ag leanúint den ghearán a thuilleadh ........ 9
Nós Imeachta Comhair Airteagal 60 ........ 10
GEARÁIN TRASTEORANN AS AR THÁINIG FIOSRÚCHÁIN ........ 11
GEARÁIN TRASTEORANN A TAISCEADH LE hÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA EILE ........ 12
GEARÁIN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR ÚDARÁS MAOIRSEACHTA LENA mBAINEANN INA LEITH ........ 14

## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Ó tugadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) isteach i mí na Bealtaine 2018, fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) líon suntasach gearán trasteorann trí shásra RGCS maidir le "hionaid ilfhreastail" agus chuir sé i gcrích iad.

Leis an sásra maidir le hionaid ilfhreastail, éascaítear rialaitheoirí ilnáisiúnta a oibríonn ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) nó an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) trí iad a chumasú déileáil le príomhúdarás maoirseachta aonair mar "idirghabhálaí aonair" dá chuid. Ní fhéadfaidh ach rialaitheoirí nó próiseálaithe atá lonnaithe san Aontas Eorpach cáiliú don sásra maidir le hionaid ilfhreastail. Is faoi na heagraíochtaí iad féin atá sé a chinneadh cé acu a bhainfidh nó nach mbainfidh siad leas as an sásra.  Fágann sé sin nach dtagann a lán cuideachtaí ilnáisiúnta faoin sásra maidir le hionaid ilfhreastail, lena n-áirítear oibríochtaí móra próiseála ardán idirlín, agus, sna himthosca sin, gur féidir go mbeidh aon údarás maoirseachta inniúil chun gníomhú.

Más mian le haon duine aonair i stát AE/LEE gearán a thaisceadh, féadfaidh sé/sí an gearán a thaisceadh go díreach leis an údarás maoirseachta arb é an príomhúdarás maoirseachta é (má tá príomhúdarás maoirseachta ann) nó féadfaidh sé/sí an gearán a thaisceadh lena (h)údarás áitiúil/náisiúnta féin, a tharchuirfidh é chuig an bpríomhúdarás maoirseachta más gearán é a thagann faoin sásra maidir le hionaid ilfhreastail. Sa dara ceann de na cásanna sin, tugtar an t-údarás maoirseachta lena mbaineann ar an údarás náisiúnta.

I gcás fhormhór na ngearán trasteorann a fhaigheann sé, bíonn an Coimisiún freagrach as déileáil leo mar phríomhúdarás maoirseachta AE/LEE do na heagraíochtaí lena mbaineann.  Faigheann an Coimisiún roinnt gearán ó dhaoine aonair faoi eagraíochtaí arb é údarás eile cosanta sonraí AE/LEE an príomhúdarás maoirseachta ina leith freisin. Sna cásanna sin, aistríonn an Coimisiún na gearáin chuig an údarás ábhartha tríd an sásra maidir le hionaid ilfhreastail.

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023. Tugtar sa tuarascáil forbhreathnú ar phróisis láimhseála gearán trasteorann an Choimisiúin agus ar na méadrachtaí gaolmhara, lena n-áirítear an líon gearán a fuarthas, an líon gearán a cuireadh i gcrích, agus na torthaí a baineadh amach. Ar mhaithe le comhthéacs iomlán a sholáthar, fuair an Coimisiún breis agus 22,000 gearán ó tháinig RGCS i bhfeidhm agus cuireadh breis agus 20,000 ceann de na gearáin sin i gcrích.

Léirítear an méid seo a leanas sa tuarascáil:

- **Fuair an Coimisiún 1,496 ghearán trasteorann bhailí go díreach; ba mar phríomhúdarás maoirseachta a fuair sé 1,293 cinn (86%) díobh agus ba mar údarás maoirseachta lena mbaineann a fuair sé 203 cinn (14%) díobh.**

- **I gcás 790 ceann (61%) de na gearáin trasteorann ar láimhseáil an Coimisiún iad mar phríomhúdarás maoirseachta, ba le húdarás maoirseachta eile a taisceadh iad ar dtús. Aistríodh chuig an gCoimisiún iad ina dhiaidh sin.**

- **Cuireadh i gcrích 75% de na gearáin trasteorann uile ar láimhseáil an Coimisiún iad mar phríomhúdarás maoirseachta ó mhí na Bealtaine 2018. Díobh sin, is curtha i gcrích anois atá 92% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2018, 89% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2019, 80% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2020, 73% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2021 agus 25% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2022.**

- **De na 975 ghearán trasteorann a cuireadh i gcrích agus ar láimhseáil an Coimisiún iad mar phríomhúdarás maoirseachta, réitíodh 83% go cairdiúil chun leas an ghearánaigh.**


- **Chuir an Coimisiún 246 cás gearánbhunaithe faoi bhráid phróiseas comhair Airteagal 60 RGCS.**

- **Tá 22% de na gearáin trasteorann uile atá ar oscailt nasctha le fiosrúchán agus cuirfear i gcrích iad a luaithe a thabharfar an fiosrúchán chun críche.**

- **Is le 10 rialaitheoir sonraí a bhaineann 87% de na gearáin trasteorann uile ar láimhseáil an Coimisiún iad mar phríomhúdarás maoirseachta.**

- **Cuireadh i gcrích 49% de na gearáin uile ar aistrigh an Coimisiún iad chuig príomhúdaráis mhaoirseachta eile AE/LEE (gan an Ríocht Aontaithe a áireamh).**

## An Coimisiún um Chosaint Sonraí




Gearáin trasteorann atá ar oscailt agus a cuireadh i gcrích agus arb é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta ina leith

## Príomhúdaráis Mhaoirseachta Eile




Gearáin trasteorann atá ar oscailt agus a cuireadh i gcrích, i gcás gur taisceadh an gearán leis an gCoimisiún agus gur aistríodh é chuig údarás eile AE/LEE (gan an Ríocht Aontaithe a áireamh) arb é an príomhúdarás maoirseachta é

## AN SÁSRA MAIDIR LE hIONAID ILFHREASTAIL[1] – GEARÁIN TRASTEORANN AE/LEE

Den **1,496 ghearán trasteorann a fuair an Coimisiún ó mhí na Bealtaine 2018**, agus ar measadh iad a bheith bailí tar éis measúnú agus athbhreithniú tosaigh a dhéanamh orthu, **ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta i leith 86% (1,293 cinn)**[2].

Ó mhí na Bealtaine 2018, taisceadh leis an gCoimisiún 203 ghearán trasteorann bhailí ar ghníomhaigh an Coimisiún mar údarás maoirseachta lena mbaineann ina leith[3], i.e., ba é údarás maoirseachta eile an príomhúdarás maoirseachta agus bhí an t-údarás sin freagrach as an ngearán a láimhseáil.

| RÓL AN CHOIMISIÚIN | AN LÍON GEARÁN BAILÍ[4] | % |
|---|---|---|
| PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA | 1,293 | 86% |
| ÚDARÁS MAOIRSEACHTA LENA mBAINEANN | 203 | 14% |
| **IOMLÁN** | **1,496** | |

**Fíor 1. GEARÁIN TRASTEORANN AR IMIR AN COIMISIÚN RÓL GNÍOMHACH INA LEITH (ó mhí na Bealtaine 2018)**

[1] Leis an sásra maidir le hionaid ilfhreastail faoi RGCS, éascaítear rialaitheoirí ilnáisiúnta a oibríonn ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) nó an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) trí iad a chumasú déileáil le príomhúdarás maoirseachta aonair mar "idirghabhálaí aonair" dá chuid. Ní fhéadfaidh ach rialaitheoirí nó próiseálaithe atá lonnaithe san Aontas Eorpach cáiliú don sásra maidir le hionaid ilfhreastail.

[2] Is é a bheidh sa phríomhúdarás maoirseachta ná an t-údarás maoirseachta sa Bhallstát inar bhunaigh an eagraíocht "a príomhbhunaíocht nó a bunaíocht aonair". I bhformhór na gcásanna, is ionann príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair na heagraíochta agus a háit riaracháin agus/nó cinnteoireachta láir.

[3] Meastar údarás maoirseachta a bheith bainteach le cás más rud é go bhfuil an eagraíocht (rialaitheoir nó próiseálaí) bunaithe ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta sin, go bhfuil an phróiseáil ag déanamh difear substaintiúil, nó gur dóigh go ndéanfaidh an phróiseáil difear substaintiúil, d'ábhair sonraí a chónaíonn i mBallstát an údaráis maoirseachta sin, nó gur taisceadh gearán leis an údarás maoirseachta sin.

[4] Measann an Coimisiún gearán trasteorann a bheith bailí tar éis sraith beart measúnaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear na bearta seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: a dheimhniú go bhfuil an phróiseáil atá i gceist de chineál trasteorann agus gurb é an Coimisiún an príomhúdarás maoirseachta ina leith nó gur údarás maoirseachta lena mbaineann é an Coimisiún ina leith; a fhíorú gur cuireadh gach doiciméad riachtanach ar fáil (iarrfar tuilleadh doiciméad, nuair is infheidhme); agus a fhíorú go ndearna an t-ábhar sonraí teagmháil leis an rialaitheoir sonraí chun a c(h)earta a fheidhmiú, etc.

## GEARÁIN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR PHRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH

Ó mhí na Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023, ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta do 1,293 ghearán bhailí. I gcás 790 ceann (61%) de na gearáin sin, thaisc gearánaigh iad le húdarás maoirseachta eile AE/LEE agus aistríodh iad chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin tríd an sásra maidir le hionaid ilfhreastail. Taisceadh 503 ghearán trasteorann (39%) go díreach leis an gCoimisiún.

| AN MODH TRÍNA bhFUARTHAS GEARÁIN | AN LÍON GEARÁN | % |
|---|---|---|
| GEARÁIN BHAILÍ A TAISCEADH GO DÍREACH LEIS AN gCOIMISIÚN | 503 | 39% |
| GEARÁIN BHAILÍ A TAISCEADH LE hÚDARÁS MAOIRSEACHTA EILE AE/LEE | 790 | 61% |
| **IOMLÁN** | 1,293 | |

**Fíor 2. AN MODH TRÍNAR TIONSCNAÍODH GEARÁIN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR PHRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH**

**Is curtha i gcrích ina n-iomláine anois atá 75% den 1,293 ghearán trasteorann bhailí ar ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta ina leith.**

Mar atá léirithe sa tábla thíos, is curtha i gcrích ina n-iomláine anois atá 92% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2018, 89% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2019, 80% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2020, agus 73% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2021.

| BLIAIN | AN LÍON GEARÁN TRASTEORANN BAILÍ A FUARTHAS | AN LÍON ATÁ CURTHA I gCRÍCH AMHAIL AN 30/4/23 | AN CÉATADÁN ATÁ CURTHA I gCRÍCH |
|---|---|---|---|
| 2018 (Bealtaine – Nollaig) | 156 | 144 | 92% |
| 2019 | 400 | 355 | 89% |
| 2020 | 305 | 243 | 80% |
| 2021 | 267 | 194 | 73% |
| 2022 | 154 | 39 | 25%[5] |
| 2023 (go dtí an 30/4/2023) | 11 | 0 | 0% |
| **IOMLÁN** | **1,293** | **975** | **75%** |

**Fíor 3. MIONDEALÚ AR NA GEARÁIN TRASTEORANN A FUARTHAS GACH BLIAIN AGUS ATÁ CURTHA I gCRÍCH**

Tá roinnt gearán atá ar oscailt nasctha le fiosrúchán. Féach an rannán dar teideal "GEARÁIN TRASTEORANN AS AR THÁINIG FIOSRÚCHÁIN".

[5] Agus é ag déanamh teagmháil le gearánach i mBallstát eile maidir leis an ngearán uaidh/uaithi (ar teagmháil í nach mór a dhéanamh tríd an údarás maoirseachta lena mbaineann ach úsáid a bhaint as córas faisnéise margaidh inmheánaigh an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, ar córas cumarsáide é), agus ar choinníoll nach mbeidh aon mhoilleanna eile ann, is féidir, ar an meán, go rachaidh trí mhí ar a laghad thart ón tráth a uaslódálfaidh an Coimisiún an comhfhreagras uaidh chuig córas faisnéise an mhargaidh inmheánaigh go dtí an tráth a gheobhaidh an Coimisiún freagra ón ngearánach. I gcásanna áirithe, is féidir go rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an ngearánach trí nó ceithre huaire mar chuid den phróiseas láimhseála gearán ar mhaithe leis an ngearán a réiteach go cairdiúil don ghearánach. Imreoidh an fad ama a thógfaidh sé chun comhfhreagras a mhalartú trí chóras faisnéise an mhargaidh inmheánaigh nó tríd an sásra maidir le hionaid ilfhreastail tionchar díreach ar an bhfad ama a thógfaidh sé chun gearáin a chur i gcrích go rathúil (toisc shuntasach ina leith sin is ea an próiseas a dtabharfaidh an t-údarás maoirseachta lena mbaineann faoi chun comhfhreagras a aistriú go teanga an ghearánaigh agus *vice versa*).

## AN TORADH AR GHEARÁIN A CHUIRTEAR I gCRÍCH AGUS ARB É AN COIMISIÚN AN PRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH

Dúnann an Coimisiún gearán trasteorann bailí ina lán imthosca éagsúla agus mar thoradh ar a lán cúrsaí gnímh éagsúla.

### Gearáin a Chuirtear i gCrích trí Réiteach Cairdiúil

Is é an chéad ghníomh a dhéanann an Coimisiún nuair a chuireann sé tús le hobair ar ghearán trasteorann bailí ná na cumhachtaí ***réitigh chairdiúil*** a thugtar dó leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, a fheidhmiú[6]. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach gearán trasteorann bailí chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach dá chur ar aghaidh tríd an gcúrsa gnímh sin nach bhfuil chomh nimhneach céanna agus atá deartha chun torthaí níos tapa agus níos éifeachtúla ar acmhainní a bhaint amach do dhaoine aonair[7].

**Ba tríd an bpróiseas réitigh chairdiúil a dúnadh 83% de na 975 ghearán trasteorann (ar ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta ina leith) ó mhí na Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023**.

**Ní bheidh aon oibleagáid ar ghearánaigh comhaontú le conair réitigh chairdiúil a leanúint** tar éis í a mholadh dóibh. Fiú amháin in imthosca ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil réiteach cairdiúil oiriúnach agus inghnóthaithe, agus i gcás gur sheol sé imscrúdú ar mhaithe le réiteach cairdiúil a bhaint amach, féadfaidh an gearánach a chinneadh **gan glacadh leis**. Sna himthosca sin, arb annamh a thagann siad chun cinn mar gheall ar an méid oibre agus acmhainní a chuirtear isteach chun réiteach cairdiúil cuí a mholadh don ghearánach, ullmhóidh an Coimisiún dréachtchinneadh ansin de réir Airteagal 60 RGCS, rud ina gcinnfear cé acu a tharla nó nár tharla sárú agus cé acu atá nó nach bhfuil aon chumhachtaí ceartaitheacha le húsáid.

### Níl an gearánach ag leanúint den ghearán a thuilleadh

I roinnt cásanna gearán trasteorann, titeann eachtraí amach a fhágann go scoireann an gearánach de dhul i dteagmháil leis an gCoimisiún, fiú amháin tar éis glacadh leis an ngearán uaidh/uaithi mar cheann atá bailí[8]. Cé nach ndéanfar aon ghníomh eile sna

---

[6] Alt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:
*"Féadfaidh an Coimisiún, i gcás go measfaidh sé go bhfuil dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfaidh na páirtithe lena mbaineann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ar réiteach cairdiúil ar ábhar an ghearáin, cibé bearta a dhéanamh is cuí leis chun réiteach cairdiúil den sórt sin a shocrú nó a éascú."*

[7] Is é atá i gceist le réiteach cairdiúil ná teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht (an rialaitheoir sonraí), ceisteanna a chur uirthi i ndáil le hábhar an ghearáin agus na freagraí uaithi a mheas. Molfar réiteach cairdiúil don ghearánach ansin, i gcás go mbeidh an Coimisiún den tuairim gur féidir go n-éascóidh na freagraí ón eagraíocht toradh a bheidh chun leas an ghearánaigh.

[8] Samplaí de na cúiseanna, dar leis an gCoimisiún, a scoireann gearánaigh de dhul i dteagmháil leis is ea cásanna ina ndeachaigh an rialaitheoir sonraí i dteagmháil dhíreach leis an ngearánach chun an tsaincheist a réiteach gan aon

cásanna sin, **athosclóidh an Coimisiún gearáin den sórt sin i ngach cás ina gcinnfidh an gearánach tráth níos déanaí dul i dteagmháil leis an bpróiseas láimhseála gearán an athuair**.

De na gearáin trasteorann (ar ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta ina leith) a cuireadh i gcrích ó mhí na Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023, **dúnadh 15% toisc nach raibh an gearánach ag leanúint den ghearán a thuilleadh**.

## Nós Imeachta Comhair Airteagal 60

**Chuir an Coimisiún 246 chás ghearánbhunaithe faoi bhráid phróiseas comhair Airteagal 60 RGCS go dtí seo.** Cuimsíonn siad sin 13 dhréachtchinneadh ar ghearáin a rinne difear do níos mó ná duine aonair amháin nó ar ghá tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ina leith, toisc nach raibh an gearánach sásta leis na gníomhartha a rinne an rialaitheoir chun an gearán uaidh/uaithi a réiteach. Áirítear leis na cásanna a cuireadh faoi bhráid nós imeachta comhair Airteagal 60 freisin 233 ghearán ar baineadh réiteach cairdiúil amach ina leith, ag féachaint do na treoirlínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le réitigh chairdiúla a glacadh i mí na Samhna 2021.

I dteannta cásanna gearánbhunaithe, chuir an Coimisiún ocht ndréachtchinneadh i bhfiosrúcháin mhórscála dá dheoin féin faoi bhráid nós imeachta comhair Airteagal 60. Tá roinnt fiosrúchán eile de chuid an Choimisiúin ag ardchéim anois, agus é ar tí dréachtchinntí a ullmhú ina leith do nós imeachta Airteagal 60.

Tá oibleagáid ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí bunachar sonraí cásanna a cuireadh i gcrích tríd an nós imeachta comhair agus comhsheasmhachta a chothabháil. Mar atá le feiceáil sna cásanna ar an gclár poiblí[9], áfach, ní cheadaíonn na húdaráis uile don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí cinntí a fhoilsiú agus níl an bunachar sonraí cothrom le dáta faoi láthair.  Mar aon le cásanna a bhaineann le gearáin, cuirtear cinntí ex-officio agus cinntí ó imscrúduithe de dheoin an Choimisiúin féin ar áireamh sa chlár.

Cuireadh an nós imeachta comhair agus comhsheasmhachta i gcrích in 221 chás a chuir an Coimisiún faoi bhráid nós imeachta Airteagal 60. Foilsíodh an cinneadh i 55 cinn de na cásanna sin ar chlár an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí go dtí seo. Cuimsíonn

---

ghníomh eile ón gCoimisiún agus cásanna inar theip ar an ngearánach freagra a thabhairt ar fhaisnéis bhreise a bhí ag teastáil chun dul ar aghaidh leis an ngearán.  Tarlaíonn sé sin freisin nuair a bhíonn an Coimisiún ag láimhseáil gearáin náisiúnta (nó gearáin intíre, seachas gearáin trasteorann). Cé go bhfuil a lán cúiseanna féideartha ann leis sin, arb é an ceann is dóchúla díobh ná gur réitíodh an ní cheana féin, ní mór don Choimisiún na gearáin sin a mheas a bheith dúnta i gcás gur scoir an gearánach de bheith ag dul i dteagmháil leis i ndáil leis an ngearán uaidh/uaithi.

[9] https://edpb.europa.eu/our-work-tools/consistency-findings/register-for-article-60-final-decisions_en?f%5B0%5D=article_60_lsa%3A676

na cásanna sin fiosrúcháin ghearánbhunaithe, fiosrúcháin de dheoin an Choimisiúin féin agus gearáin a réitíodh go cairdiúil.

## GEARÁIN TRASTEORANN AS AR THÁINIG FIOSRÚCHÁIN

Feidhmíonn an Coimisiún a chumhachtaí faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun fiosrúcháin a dhéanamh ar eagraíochtaí i gcás go bhféadfadh riosca suntasach a bheith ann d'ábhair sonraí AE. Féadfaidh an Coimisiún "**fiosrúchán gearánbhunaithe**" a thosú, rud a bhaineann go sonrach le gearán aonair. Mar mhalairt air sin, i gcás go bhfaighfear roinnt gearán ina dtugtar le tuiscint go bhféadfadh saincheisteanna sistéamacha neamhchomhlíonta a bheith ann, féadfaidh an Coimisiún "**fiosrúchán dá dheoin féin**" a sheoladh chun na nithe lena mbaineann a imscrúdú. In imthosca den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún láimhseáil na ngearán aonair ábhartha a stad go sealadach. Beidh toradh na ngearán sin ar feitheamh go dtí go gcuirfear an fiosrúchán lena mbaineann i gcrích. Ina dhiaidh sin, atosófar ar láimhseáil an ghearáin lena mbaineann agus cuirfear i gcrích é ar bhonn an chinnidh ón gCoimisiún san fhiosrúchán dá dheoin féin.

**Amhail an 30 Aibreán 2023, tá 22% de na 318 ngearán trasteorann atá ar oscailt nasctha le fiosrúchán gearánbhunaithe nó le fiosrúchán de dheoin an Choimisiúin féin.**

## GEARÁIN TRASTEORANN A TAISCEADH LE hÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA EILE

Le sásra RGCS maidir le hIonaid Ilfhreastail, cumasaítear do shaoránaigh gearáin a thaisceadh lena n-údarás maoirseachta áitiúil, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil bunaíocht ag an rialaitheoir sonraí nó ag an bpróiseálaí sonraí sa Bhallstát sin. Dá bhrí sin, faigheann an Coimisiún gearáin a taisceadh le gach údarás maoirseachta eile AE/LEE agus ní mór dó na gearáin sin a láimhseáil mar phríomhúdarás maoirseachta.

Leagtar amach sa tábla thíos na húdaráis mhaoirseachta a bhfuair an Coimisiún an líon is mó gearán trasteorann bailí uathu ó mhí na Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023 (ar ghearáin iad ar ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta ina leith). Léirítear sa tábla freisin an céatadán de na gearáin a tarchuireadh chuig an gCoimisiún agus atá curtha i gcrích amhail an 30 Aibreán 2023. Mar shampla, bhí gearáin trasteorann bhailí a taisceadh le húdaráis mhaoirseachta sa Ghearmáin freagrach as 19% de na gearáin trasteorann uile ar láimhseáil an Coimisiún iad idir mí na Bealtaine 2018 agus an 30 Aibreán 2023. Cuireadh i gcrích 71% de na gearáin uile a fuarthas ón nGearmáin.

| TÍR<br>(NA 10 bPRÍOMHTHÍR A bhFUARTHAS GEARÁIN UATHU) | AN CÉATADÁN DEN LÍON IOMLÁN GEARÁN BAILÍ A FUARTHAS Ó MHÍ NA BEALTAINE 2018 GO DTÍ AN 30/4/23 | AN CÉATADÁN DE GHEARÁIN ATÁ CURTHA I gCRÍCH AMHAIL AN 30/4/23 |
|---|---|---|
| An Ghearmáin (An Phoblacht Chónaidhme agus Länder) | 19% | 71% |
| An Fhrainc | 8% | 70% |
| An Ríocht Aontaithe | 7% | 100% |
| An Spáinn | 7% | 59% |
| An Ostair | 4% | 75% |
| An Pholainn | 3% | 76% |
| An Ísiltír | 2% | 89% |
| An Danmhairg | 2% | 54% |
| An Iodáil | 2% | 54% |
| An Bheilg | 1% | 62% |

**Fíor 5. AN CÉATADÁN DE GHEARÁIN TRASTEORANN BHAILÍ A FUARTHAS AGUS ATÁ CURTHA I gCRÍCH DE RÉIR ÚDARÁS TIONSCANTACH**

## GEARÁIN TRASTEORANN DE RÉIR EAGRAÍOCHTA

Is le breis agus 75 rialaitheoir sonraí éagsúla a bhaineann an 1,293 ghearán trasteorann bhailí a fuarthas ó mhí na Bealtaine 2018 agus ar ghníomhaigh an Coimisiún mar phríomhúdarás maoirseachta ina leith. Léirítear sa tábla thíos go raibh 10 gcuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta agus ardán idirlín freagrach as 87% de na gearáin sin.

| RIALAITHEOIR SONRAÍ (NA 10 bPRÍOMHRIALAITHEOIR A bhFUARTHAS GEARÁIN FÚTHU) | CÉATADÁN DEN LÍON IOMLÁN GEARÁN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR PHRÍOMHÚDARÁS MAOIRSEACHTA INA LEITH |
|---|---|
| Meta Platforms Ireland Limited | 34% |
| Google Ireland Limited | 11% |
| WhatsApp Ireland Limited | 7% |
| Airbnb Ireland UC | 7% |
| Yahoo EMEA Limited | 7% |
| Microsoft Ireland Operations Limited | 5% |
| Twitter International Company | 5% |
| MTCH Technology Services Limited | 4% |
| Apple Distribution International | 4% |
| LinkedIn Ireland UC | 3% |
| | **87%** |

**Fíor 6. AN CÉATADÁN DE GHEARÁIN TRASTEORANN DE RÉIR RIALAITHEOIR SONRAÍ (NA DEICH bPRÍOMHRIALAITHEOIR A bhFUARTHAS GEARÁIN FÚTHU)**

## GEARÁIN TRASTEORANN AR GHNÍOMHAIGH AN COIMISIÚN MAR ÚDARÁS MAOIRSEACHTA LENA mBAINEANN INA LEITH

Ó mhí na Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2023, taisceadh leis an gCoimisiún 102 ghearán trasteorann arbh é údarás maoirseachta eile AE/LEE (gan an Ríocht Aontaithe a áireamh) an príomhúdarás maoirseachta ina leith.   I measc na n-eagraíochtaí a ndearnadh gearáin den sórt sin ina n-aghaidh bhí KLM, Amazon, eBay, Lufthansa, Uber, Netflix, Mastercard, TAP Air Portugal, FedEX, Air France, PayPal, Brittany Ferries agus Spotify.

**Cuireadh i gcrích 50 ceann (49%) de na gearáin ar sheol an Coimisiún iad chuig príomhúdaráis mhaoirseachta eile AE/LEE.**

De na gearáin ar chuir príomhúdaráis mhaoirseachta eile i gcrích iad faoin 30 Aibreán 2023, **ba lasmuigh de phróiseas Airteagal 60 RGCS a cuireadh 28% i gcrích**.  I roinnt de na cásanna sin, sheol an príomhúdarás maoirseachta an freagra ón Rialaitheoir Sonraí chuig an gCoimisiún nó d'achoimrigh sé an freagra sin i litir chuig an ngearánach agus d'iarr sé ar an gCoimisiún an freagra ón rialaitheoir a thairiscint don ghearánach mar réiteach ar an ngearán uaidh/uaithi.  I gcásanna eile, sheol an príomhúdarás maoirseachta chuig an gCoimisiún litir a bhí le seoladh ar aghaidh chuig an ngearánach agus inar míníodh gur mheas an príomhúdarás maoirseachta nach raibh sé in ann an gearán a imscrúdú tuilleadh.

**Ba trí nós imeachta comhair Airteagal 60 a cuireadh i gcrích 30% de na gearáin a dúnadh agus ar ghníomhaigh an Coimisiún mar údarás maoirseachta lena mbaineann ina leith.**  Díobh sin, seasadh leis an ngearán i ndeich gcás, diúltaíodh dó i gcás amháin agus díbheadh é i gceithre chás.

**I gcás an 42% eile, tharraing an gearánach an gearán siar nó níor lean sé/sí den ghearán**.